2024/697

26.2.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/697 ÓN gCOIMISIÚN

**an 19 Feabhra 2024**

**lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht le haghaidh Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint nó Tásc Geografach faoi Chosaint ('Rubicone' (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar leasuithe a fhormheas ar an tsonraíocht le haghaidh an Táisc Gheografaigh faoi Chosaint, 'Rubicone', a chuir an Iodáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(2) Tá an t-iarratas ar fhormheas ar leasuithe ar an tsonraíocht foilsithe ag an gCoimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), mar a cheanglaítear le hAirteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(3) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm 'Rubicone' (TGFC), formheastar leis seo iad.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671,, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.
([2]) IO C, C/2023/433, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/433/oj.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Feabhra 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*